Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2022
(OR. fr)

9697/1/22
REV 1

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2021/0239(COD)
2021/0240(COD)
2021/0241(COD)
2021/0250(COD)

EF 150
ECOFIN 524
DROIPEN 76
ENFOPOL 312
CT 103
FISC 124
COTER 138
CODEC 832

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle |
| Ábhar: | Frithsciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT) - Tuarascáil ar dhul chun cinn |

# Frithsciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT)

## Tuarascáil ar dhul chun cinn

1. Ag eascairt as an obair ar cuireadh tús léi faoi Uachtaránacht na Slóivéine, tá caibidlíocht an phacáiste maidir le frithsciúradh airgid ar cheann de thosaíochtaí Uachtaránacht na Fraince ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, d’fhonn dul chun cinn comhuaineach a dhéanamh ar na téacsanna uile atá á bplé, eadhon:

- an Rialachán lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach nua um Fhrithsciúradh Airgid (AMLAR);
- an Rialachán lena ndéantar athmhúnlú ar an Rialachán maidir le haistriú cistí (TFR);
- an Rialachán maidir le ceanglais frithsciúrtha airgid don earnáil phríobháideach (AMLR);
- an Treoir maidir le sásraí frithsciúrtha airgid (AMLD6).

2. Dhírigh Uachtaránacht na Fraince a cuid iarrachtaí ar an Rialachán lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid (ÚFA) chun go bhféadfaí, i gcomhréir le conclúidí an 5 Samhain 2020, gníomhaireacht a bhunú a chuirfidh le comhchuibhiú agus le comhordú cleachtas maoirseachta sna hearnálacha airgeadais agus neamhairgeadais, le maoirseacht dhíreach ar eintitis airgeadais trasteorann a bhfuil ardriosca ag baint leo agus le comhordú na n-aonad um fhaisnéis airgeadais. Tá súil ag an uachtaránacht go bhféadfar sainordú caibidlíochta a fháil faoi dheireadh an tseimeastair maidir leis an gcuid is mó is féidir den téacs seo.
3. I ndáil leis an Rialachán maidir le haistriú cistí, tá cruinnithe tríthaobhacha á reáchtáil ag an uachtaránacht i gcomhréir leis an sainordú caibidlíochta a glacadh faoi Uachtaránacht na Slóivéine. Tá an seasamh ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa ailínithe maidir leis an ngá ceanglais trédhearcachta láidre a chur i bhfeidhm i ndáil le haistrithe criptea-shócmhainní ón gcéad euro. Maidir leis na saincheisteanna eile, tá an uachtaránacht tiomanta teacht ar chomhréitigh chothroma i ndáil le hiarrataí breise na Parlaiminte. Ní mór leis na comhréitigh sin ceanglais frithsciúrtha airgid – ceanglais atá láidir ach comhréireach agus atá i gcomhréir le moltaí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais, agus ardleibhéal cosanta sonraí i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, a thabhairt le chéile. Ní mór na treoirlínte sin a bheith comhoiriúnach i gcónaí le forbairt earnála eacnamaíche atá dinimiciúil agus iomaíoch lena spreagfar nuálaíocht, agus le tarraingteacht an Aontais. Meastar go ndéanfar dul chun cinn sa chaibidlíocht thríthaobhach faoi dheireadh na huachtaránachta.
4. I ndáil leis an Rialachán maidir le frithsciúradh airgid (AMLR), tá iarracht déanta ag an uachtaránacht an bonn a leagan síos chun plé ciallmhar, éifeachtach a dhéanamh i dtaca leis an ábhar seo a bheidh le saothrú ag Uachtaránacht na Seice. Tugadh aird ar leith ar bhuneilimintí an rialacháin, eadhon comhchuibhiú na sainmhínithe agus sainmhíniú beacht ar raon feidhme na n-eintiteas faoi oibleagáid. Dhírigh an uachtaránacht freisin ar shaincheisteanna teicniúla a bhaineann le rialú inmheánach agus ceanglais uile-ghrúpa, a ndearnadh comhréitigh theicniúla a chur chun cinn ina leith.
5. I ndáil leis an Treoir maidir le sásraí frithsciúrtha airgid (AMLD6), dhírigh an Uachtaránacht a cuid iarrachtaí ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcomhar agus leis an gcomhordú idir údaráis mhaoirseachta an Aontais, ar na smachtbhannaí agus na bearta ceartaitheacha is féidir leo a chur i bhfeidhm, ar na hanailísí comhpháirteacha agus malartuithe faisnéise idir na haonaid um fhaisnéis airgeadais agus údaráis eile, chomh maith le cumhachtaí fionraíochta na n-aonad um fhaisnéis airgeadais. Caithfear leanúint leis an bplé casta seo faoi Uachtaránacht na Seicia.